# TREOIR OIDE

## NUACHTLITIR

MÁRTA 2026



## AN COTHROMAS AGUS AGUS AN IONCHUIMSITHEACHT A DHAINGNIÚ SA TREOIR SCOILE UILE (TSU).

Tá fáilte mhór roimh threoirchomhairleoirí, ceannairí scoile, agus na baill d'fhoirne pleanála a phléann le treoir scoile uile.

De réir mar a mhéadaíonn an éagsúlacht i measc pobail scoile, tá ról lárnach á imirt fós ag treoir i dtacú le cleachtas freagrach, ionchuimsitheach a thugann aitheantas do na féiniúlachtaí cúlturtha agus taithí saoil gach scoláire inár seomraí ranga.

Tá an treoir ionchuimsitheach bunaithe ar an tuiscint go bhfuil tábhacht le scéal gach scoláire. As comhoibriú, is féidir le múinteoirí agus treoirchomhairleoirí teorannacha a bhaint, cúlraí agus taithí éagsúla conairí a aithint, agus bealaí a léiriú agus a dhéanamh inrochtaine do chách. Tá béim an eagráin seo ar na bealaí praiticiúla atá ann chun feasacht ionchuimsitheachta laistigh de threoir scoile uile a dhaingniú, lena n-áirítear pleanáil scoláire-lárnach agus cuir chuige a spreagann muintearas agus ardaidhm.

Cuireann an t-eagrán seo leis an treoir láidir ó thaobh cleachtais de a bunaíodh i scoileanna cheana, agus dearbhaíonn obair a bhfuil meas aici ar scoláirí ó gach cúlra agus féiniúlacht chultúrtha agus riarann orthu siúd, go háirithe chun tacú le gach foghlaimeoir a dtodhchaí féin a stiúradh.

# Conairí Ionchuimsitheacha

### *Do Chonair, do Luas, do Thodhchaí*

Maidir le conairí ionchuimsitheacha, glactar leis go ndéanann daoine óga dul chun cinn trí oideachas, oiliúint agus obair ar a mbealaí éagsúla agus amanna éagsúla féin. As réimse leathan conairí féicéalacha inrochtana a dhéanamh — lena n-áirítear breisoideachas agus oiliúint, printíseachtaí, cláir rochtana, ardoideachas agus fostaíocht — tacaíonn treoir le scoláirí chun go bhféadfann siad a thuiscint go bhfuil bailíocht agus cúspóir i ngach conair agus go riarann sé ar a gcuid láidreachtaí agus cúinsí pearsanta.




Baineann treoirchomhairleoirí úsaid as comhráite athmhachnamhacha feasacha a chuireann muinín agus féinghníomhú chun cinn, rud a thugann tacaíocht do scoláirí chun dul i dtaithí ar na roghanna sin. Cuireann an cur chuige ionchuimsitheach sin le tiomantas scoile uile dá chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir conair a thacaíonn lena bhfolláine, ardaidhmeanna, agus rannpháirtíocht todchaíoch sa bhfoghlaim agus obair a aithint.


Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Léarscáil de Threoir ar feadh an tSaoil ó ROÓ

## *Do Chonair, do Luas, do Thodhchaí*

Deartar an léarscáil idirghníomhach sin chun aird a tharraingt ar sheirbhísí a bhaineann le treoir ar feadh an tsaoil, cúrsaí fostaíochta, agus seirbhísí treoirchomhairleacha agus chun a n-infheictheacht a mhéadú ar fud na hÉireann. Is feidir le húsáideoir scagadh a dhéanamh de réir catagóir, rochtain phoiblí, modh seachadta, agus critéir eile nach iad chun dul i dteagmháil le tacaíochtaí treorach go fuirist ar fud na tíre.[Seirbhísí Treorach ar feadh an tSaoil ].

***Déan an léarscáil a chliceáil chun teacht ar an nasc.***




Príomhaidhmeanna:

Is é an cuspóir a bhaineann leis an léarscáil ná a n-infheictheacht a fheabhsú agus aird a tharraingt ar sheirbhísí a bhaineann le treoir ar feadh an tsaoil ar mhaithe le roinnt dreamanna:

- Cleachtóirí Treorach
- Lucht déanta polasaithe agus páirtithe leasmhara eile
- Lucht úsáidte na seirbhísí




***'Cuirtear treoir fhiúntach ar fáil nuair a bhíonn sé bunaithe ar fheasacht ar dhéimeagrafaic athraitheach na ndaoine sna ceantair a bhfreastalaítear orthu, amhail éagsúlacht mhéadaithe an daonra agus líon méadaithe na ndaoine faoi mhíchumas.'***

**Rialtas na hÉireann, An Creat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil, 2023**


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# PATH (CLÁR UM ROCHTAIN AR ARDOIDEACHAS)

Tá PATH [Clár um Rochtain ar Ardoideachas] ina chuid den tionscnamh maidir le Rochtain agus Rannpháirtíocht atá ag Leathnú, tionscnamh a dearadh chun tacú le hionchuimsitheacht mhéadaithe san ardoideachas. Bunaíodh PATH ar clár maoinithe straitéiseach é chun go tiocfadh méadú ar rannpháirtíocht scoláirí san oideachas tríú leibhéal atá as cúlraí atá faoi mhíbhuntáiste nó faoi ghannionadaíocht. Tá sé bunaithe ar ilshnáitheanna a chuireann tacaíochtaí, comhpháirtíochtaí agus tionscnaimh dhírithe ar fáil a bhfuil sé mar aidhm acu teorannacha ar rochtain a laghdú, coinneáil a mhéadú, agus cur le rath foghlaimeoirí a ndéanfaí leithcheal orthu maidir le conairí ardoideachais gan na tacaíochtaí, comhpháirtíochtaí, agus tionscnaimh sin.

## Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) – Na Cúig Shnáithe

### PATH 1 – Rochtain ar Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (ITE)

Dírítear ar leathnú rannpháirtíochta i gcláir oideachais do mhúinteoirí. Tugtar tacaíocht do scoláirí as cúlraí atá faoi ghannionadaíocht chun rochtain a fháil ar an múinteoireacht mar ghairm trí fhor-rochtain dhírithe, tacaíochtaí airgeadais agus bealaí isteach saincheaptha.

### PATH 2 – Ciste Sparánachta 1916

Cuirtear sparánachtaí airgeadais agus tacaíochtaí sainmhúnlaithe ar fáil do scoláirí ó dhreamanna tosaíochta agus ó dhreamanna atá faoi ghannionadaíocht chun go bhféadfadh rochtain a bheith acu ar ardoideachas agus fanacht ann. Tugtar tacaíocht, dá bharr na sparánachta, do rochtain agus do choinneáil thar institiúidí ardoideachais a nglacann páirt ann.

### PATH 3 – Aistriú ó Bhreisoideachas go hArdoideachas

A neartaíonn conairí ó chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna go hArdoideachas. Cuirtear comhoibriú idir soláthraithe BO agus institiúidí ardoideachais chun cinn agus tugtar tacaíocht d'fhoghlaimeoirí i mbun aistriú thar earnálacha.

### PATH 4 – Tacaíocht do Scoláirí atá faoi Mhíchumas

Déantar feabhsú ar thacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí atá faoi mhíchumas chun rochtain a bheith acu ar ardoideachas, chun gur féidir leo páirt a ghlacadh ann, agus chun go n-éireodh leo. Dírítear ar fheabhsú thar institiúidí a dhéanamh ar acmhainn, cleachtais ionchuimsitheacha, agus tacaíochtaí scoláirí dírithe.

### PATH 5 – Rannpháirtíocht san Ardoideachas ag Pobail an Lucht Siúil agus Pobail na Romach

Tacaítear le rannpháirtíocht, coinneáil, agus rath méadaithe scoláirí an lucht siúil agus scoláirí na Romach trí fhor-rochtain dhírithe, tacaíochtaí cultúrfhreagracha agus comhpháirtíocht le pobail.



## PATH 4, TÁNAISTE SIMON HARRIS:

*Dhá bhliain ó shin, thug mé gealltanas go n-athrófaí ardoideachas do dhaoine atá faoi míchumas intleachtúil.*
*Tá mo thaithí féin agam as bheith ina chuid de theaglach a bhraith uaireanta gur thug an córas oideachais a chúl leis.*
*Nuair a sheol mé an clár PATH 4 i bhFeabhra 2024, gheall mé dom féin agus do theaghlaigh ar fud na hÉireann go ndéanfainn iarracht difear a dhéanamh inár gcóras oideachais.*
*Tá an gealltanas sin á chomhlíonadh inniu.*

*Cuireann 11 ollscoil agus choláiste trasna na hÉireann cúrsaí ar fáil anois a fhreastalaíonn ar scoláirí atá faoi mhíchumas intleachtúil*
*Tá 195 scoláirí cláraithe agus faoi bhláthú san ardoideachas*
*Ó **Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath** go **hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh**, ó **Coláiste na hOllscoile, Corcaigh** go **hInstitiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**, tá ár n-ollscoileanna ag cur fáilte roimh scoláirí atá faoi mhíchumas agus ag léiriú gur féidir leo siúd a bheith faoi bhláthú ach an deis a bheith acu.*
*Tá córas oideachais á dhéanamh againn atá comhionann do chách ina féidir le cách lán a gcumais a bhaint amach ina saol.*
*Fanfaimid inti! Ach is díol suntasach an dul chun cinn seo"*

**Sliocht ó LINKEDIN: 08-02- 2026**

# STRAITÉIS OIDEACHAIS DON LUCHT SIÚIL AGUS NA ROMAIGH 2024-2030

*An Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh (TRES) 2024-2030, tá sé ar cheann de na tionscnaimh is tabháchtaí a bhfuil sé mar sprioc aige eispéiris oideachasúla agus torthaí phobal an Lucht Siúil agus na Romach a fheabhsú. Tá sí ina chuid lárnach de NTRIS II (Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II 2024-2028) arna dtacú ag pleananna mionsonraithe dhá bhliain maidir le cur i bhfeidhm agus gníomhú. .*
*Tá Pleananna TRES maidir le Cur i bhFeidhm agus Gnímh 2024-2026 faoi lán seoil faoi láthair. Áirítear sa phlean cuimsitheach sin na blianta luaithe, leanaí in aois scoile, daoine óga, agus an t-ardoideachas, agus béim láidir aige ar na haistrithe oideachais is tábhachtaí.*




***Oibrí Naisc Pobail (ONPanna)***
*Tá 15 oibrí naisc phobail á gceapadh chun a thuilleadh tacaíochta a thabhairt don straitéis. Beidh na ONPanna sin ag oibriú laistigh den Chláir Chríochnaithe Scoile (SCPanna) agus pléifidh le scoileanna, pobail, agus teaghlaigh go díreach chun tacú le leanaí agus daoine óga i bpobail an Lucht Siúil agus na Romach.*

***Cuimsítear an méid seo a leanas i ról an ONP:***

- *Naisc idir teaghlaigh, scoileanna, agus pobail a dhéanamh chun go mbeadh fáilte agus tacaíocht le brath go soiléir.*
- *Tacú le scoláirí le linn na tréimhsí aistrithe is tábhachtaí — tosach na scoile, bogadh go hiar-bhunscoil, agus ag dul ar aghaidh go breisoideachas.*
- *Ionchuimsitheacht agus muintearas a chur chun cinn trí fhrithchiníochas agus tuiscint idirchultúrtha.*

*Comhoibriú le pearsanra scoile, TBSPanna (Seirbhísí Theagmhála Baile Scoile agus an Phobail (TBSP)), CCSanna, agus seirbhísí eile nach iad chun teorannacha a bhaint ó thaobh freastail agus rannpháirtíochta de. Cumas a chur ar theaghlaigh trí fheasacht a gceartas agus na tacaíochtaí atá ar fáil a thabhairt dóibh. Caidrimh atá bunaithe ar iontaofacht a fhorbairt le leanaí, daoine óga, teaghlaigh, eagraíochtaí, agus dreamanna as pobail an Lucht Siúil agus na Romach.*

## Foirne Treorach Scoil Uile i Scoileanna

Tuigeann an fhoireann TRES an ról ríthábhachtach atá ag foirne treorach scoile uile i dtacú le scoláirí an Lucht Siúil agus na Romach.


Ceapadh Comhordaitheoirí Náisiúnta laistigh de TESS (Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla) chun bheith i gceannas ar ghníomhartha TRES atá faoi stiúir Tusla agus chun iad a chomhordú:

Megan Berry - megan.berry@tusla.ie

Caroline Mhic Eoin - caroline.mhiceoin@tusla.ie

Cuireann TRES fáilte roimh aon cheisteanna nó aon teagmháil ó fhoirne Treorach i scoileanna atá ag iarraidh cur lena gcleachtais ionchuimsitheacha.

# CLEACHTAS TREORACH ATÁ IONCHUIMSITHEACH AR MHAITHE LE SCOLÁIRÍ A BHFUIL RSO ACU




*Sa tuairisc **CNOS 'Conairí, Bearta, Bearnaí agus Aillte'**, tá aird tarraingthe ar an eispéireas atá ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le linn aistrithe iarscoile éagsúla agus aithnítear ann roinnt dúshláin chórasacha a fhéadann tionchar a imirt ar phleanáil aistrithe. Cé go mbíonn rannpháirtíocht dhearfach ag go leor scoláirí le scoileanna, léiríonn an taighde na difríochtaí atá ann maidir leis an tslí a bhfaightear rochtain ar chonairí iarscoile, go mór mór i gcás scoláirí a bhfuil riachtanais níos casta acu nó i gcás dóibh siúd a bhfuil teorannacha breise rompu.*

*Ó thaobh treoirchomhairleoirí de, léiríonn na conclúidí cé chomh fiúntach atá treoirchomhairliú luath saincheaptha atá bunaithe ar an gcaidreamh, mar thionchar cosantach cumasach laistigh den chóras níos leithne sin. Tá meas mór ag scoláirí ar threoir aghaidh ar aghaidh a thacaíonn le cinnteoireacht fheasach, a chuireann féinabhcóideacht chun cinn agus a choimeádann ionchais arda do scoláirí. Tá dearbhú sa tuairisc ar an ról lárnach atá ag treoirchomhairliú chun tacú le scoláirí agus le teaghlaigh dul i dtaithí ar chórais chasta, chun feasacht maidir le conairí a mhéadú, agus chun tacú le haistrithe scoláirí a bhfuil ROS acu ar bhealach ionchuimsitheach cothrom.*

Sna hathmhachnaimh is deireanaí ón gCigireacht sa Roinn Oideachais agus Óige, mar a chuirtear síos air i gCaibidil 8 den tuarascáil cigireachta 2021–2023 agus a Athbhreithniú Téamaí (ROÓ, 2024), leagtar béim ar ionchuimsitheacht ar freagracht scoile uile í, atá bunaithe ar an gcreideamh gur cheart do gach scoláire a bhraistint go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh, agus go bhfuil sé ar a gcumas dul chun cinn a dhéanamh.

In áit ionchuimsitheacht a thuiscint mar staid bhuan, tuigtear as ionchuimsitheacht próiseas athmhachnamhach leanúnach a bhfuil meas aici ar éagsúlacht, a chuireann le muintearas agus a bhaineann teorannacha ar rannpháirtíocht go gníomhach thar oideachas agus thar chonairí.

Maidir le treoirchomhairleoirí, dearbhaíonn an méid sin an ról lárnach atá ag treoirchleachtas ionchuimsitheach chun conairí feiceálacha a bhfuil meas orthu a dhéanamh. As rochtain chothrom ar eolas, caidrimh thacúla, agus déanamh cinntí feasacha, tacaítear le treoir scoláirí ó chúlraí éagsúla chun a gcuid láidreachtaí a aithint, chun roghanna a fhiosrú ar a luas féin, agus chun conairí a leanúint atá ag teacht lena n-ardaidhmeanna, a bhfolláine, agus taithí óna saol..




# CLEACHTAS TREORACH ATÁ IONCHUIMSITHEACH AR MHAITHE LE SCOLÁIRÍ A BHFUIL RSO ACU

## AN CLÁR WALK PEER - AG LÍONADH AN BHEARNA

This project was approved by Government with support from the Dormant Accounts Fund





**WALK PEER - Ag Cur Conairí Fostaíochta Cothroma ar Fáil**


Clár aistrithe tacaithe is ea **WALK PEER**, comhoibriú le scoileanna comhpháirtí chun tacú le fágálaithe scoile a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu d'fhonn an bhearna go breisoideachas príomhshrutha, oiliúint, agus fostaíocht a líonadh.

Oibríonn Áisitheoirí Fostaíochta agus Gairme (CEF) le scoláirí ina dhá mbliain scoile dheireanacha chun pleananna iarscoile inbhuanaithe uaillmhianacha a fhorbairt. Maidir le scoláirí a bheartaíonn ar aistriú go breisoideachas príomhshrutha, oiliúint, agus/nó go fostaíocht, leanann an CEF den meantóireacht agus den tacú leo ar feadh trí bliana tar éis iad scoil a fhágáil.

An Uirlis Athmhachnaimh le haghaidh Athbhreithniú ar Chonairí Ionchuimsitheacha atá sa Phacáiste Acmhainní Gairmiúla a bhí ina chuid dár lá foghlana gairmiúla ar Chonairí i mbliana, dearadh é chun tacú le treoirchomhairleoirí agus iad i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh éifeachtach atá cláir threorach reatha agus pleananna treorach scoile uile ag cur chun cinn rochtain ionchuimsitheach ar réimse leathan conairí foghlama agus conairí dul chun cinn.

Tá sraith ceisteanna struchtúrtha san uirlis chun tacú le duine láidreachtaí, bearnaí, agus deiseanna feabhsaithe a aithint thar ghrúpaí scoláire agus réimsí cláir.

As tacú le hathmhachnamh comhoibríoch agus le socrú tosaíochtaí, leis an uirlis cuirtear ar chumas treoirchomhairleoirí agus ar chumas foirne treorach scoile uile céimeanna beaga réadúla a neartódh cothromas, guth scoláire, agus féiceálacht na gconairí a ghlacadh. Samhlaítear mar thacaíocht pleanála phraiticiúl í is féidir le duine a úsáid roinnt amanna thar thréimhse ama chun eolas a dhéanamh d'fheabhsú inbhuanaithe atá sonrach don scoil ar threoirchleachtas ionchuimsitheach.



Oide

Uirlis Athmhachnaimh le haghaidh Athbhreithniú ar Chonairí Ionchuimsitheacha

Cuspóir: Cuidiú le hathbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a thacaíonn cláir threorach agus pleananna Treorach na Scoile Uile (TSU) le rochtain chuimsitheach, chothrom ar chonairí éagsúla do gach scoláire.

**Céim 1: Léargas ar an gCleachtas Reatha**

Le comhlánú mar fhoireann nó i d'aonar. Cuir tic nó déan cur síos gairid ar láidreachtaí reatha.

| Réimse | Ceisteanna Treoracha | Cleachtas Reatha (Samplaí nó Tuairimí) |
| --- | --- | --- |
| Infheictheacht Conairí | An bhfuil gach scoláire ar an eolas faoi réimse iomlán na roghanna iarscoile (m.sh. Breis Oideachais & Oiliúna, Ardoideachas, printíseachtaí, obair, briseadh bliana...)? | |
| Cuimsitheacht na hIonadaíochta | An bhfuil eiseamláirí, alumni nó aloma ó chúlra agus ó chonairí éagsúla san áireamh i dtreoir na scoile uile? | |
| Rochtain ar Eispéiris | An bhfuil rochtain chothrom ag gach scoláire ar imeachtaí gairme, ar thaithí oibre na hidirbhliana nó ar rannpháirtíocht le fostóirí? | |



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Pacáiste Acmhainní Gairmiúla

EFG - Treoir:

*Conairí : Ag Tacú le Treoirchomhairleoirí le haghaidh Dul Chun Cinn Cuimsitheach do Scoláirí an 21ú hAois*

2025-2026

# TACÚ LE SCOLÁIRÍ AS AN ÚCRÁIN CHUN CONAIRE A ROGHNÚ 2025 -26



Tá ról lárnach ag treoirchomhairleoirí i dtacú le scoláirí as an Úcráin fad a bhíonn siad ag fiosrú agus ag pleanáil conairí dul chun cinn tar éis oideachas iar-bunscoile. Tá a lán scoláirí ag dul i dtaithí ar chóras oideachais nua fad a bhíonn siad ag teacht isteach ar aistrithe teanga agus ar aistrithe sóisialta. Treoir eolach thacúil shoiléir, cabhraíonn sí le scoláirí as an Úcrain, agus a dteaghlaigh, na deiseanna atá ar fáil a thuiscint agus chun cinntí muiníneacha a dhéanamh maidir lena dtodchaí.

## SOLÁTHAR REATHA: TACÚ LE ROCHTAIN AR ARDOIDEACHAS 2025-26

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, chuir sí ar fáil Tacaíochtaí Sealadacha le haghaidh Táillí Teagaisc do scoláirí na hÚcráine atá faoi Chosaint Shealadach agus ag dul ar aghaidh go hardoideachas in Éirinn, nó ag cur tús leis, in 2025/26.

**Cé dó a dtugtar tacaíocht?**
**Mic Léinn atá Dul chun Cinn á Dhéanamh acu ina gcuid Staidéar:**
Is féidir le mic léinn atá dul chun cinn á dhéanamh acu ina gcúrsa lánaimseartha faofa maoiniú a fháil fós.

**Fochéimí Nua**
D'fhéadfadh mic léinn a bheith ina theideal más amhlaidh:

- Atá siad ag dul go hardoideachas fochéime in 2025/26.
- A fuair siad Cosaint Shealadach laistigh de na 3 bliana dheireanacha.
- Atá a nArdteistiméireacht críochnaithe acu (nó a chothrom) in 2025
- Atá cónaí orthu in Éirinn le sé mhí ar a laghad roimh an 1 Deireadh Fómhair 2025

**Tacaíocht Mhalairte:**
Mic Léinn atá faoi Chosaint Sealadach is faide ná 3 bliana, is féidir leo iarratas a chur isteach trí Scéim na dTáillí in Aisce nó trí Dheontas Mic Léinn SUSI.

### CAD A CHUIMSÍTEAR SA CLÚDACH TACAÍOCHTA

Cúrsaí Fochéime

- Táillí Teagasic AE ina n-iomlán (lena n-áirítear ranníocaíocht mic léinn más infheidhme)
- Íoctar táillí go díreach don institiúid ardoideachais
- Fuair roinnt mac léinn stipinn airgeadais chun tacú leo le costais taistil agus costais mhaireachtála.

Cúrsaí Iarchéime

- Táillí teagaisc suas go luach de €6,270

Nach bhfuil ar fáil ach do mhic léinn atá i mbun staidéar iarchéime (níl iontrálaithe nua incháilithe)

### Coinníollacha Cáilitheachta Tábhachtacha

*Bíodh:*

- *Mic Léinn faoi Chosaint Shealadach faoi alt 60 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta*
- *Cónaí orthu in Éirinn agus bídís ag freastal ar chúrsa faofa lánaimseartha*
- *Siad Cláraithe i cúrsa faofa amháin san am*

*Níl bhíonn scoláirí incháilithe de ghnáth má:*

- *Tá cáilíocht ag Léibhéal 8 nó cáilíocht iarchéime acu cheana*
- *Tá siad ag athdhéanamh bliain staidéir*
- *Is iontrálaithe iarchéime iad faoin scéim seo*

*Roinnt scoláirí atá ag dul ar aghaidh ó Leibhéal 6 nó ó leibhéal 7 go cúrsa bainteach ag Leibhéal 8, is féidir leo a bheith incháilithe*

### Fad na Scéime

Baineann an tacaíocht teagaisc sin leis an aon bhliain acadúil amháin, mar atá 2025/2026. Déantar athbhreithniú ar cháilitheacht gach bliain agus níl aon chinnteacht ann go léanfaidh den mhaoiniú.

# TACÚ LE SCOLÁIRÍ AS AN ÚCRÁIN CHUN CONAIRE A ROGHNÚ 2025 -26

Tá deiseanna dul chun cinn fiúntacha sna cúrsaí iar-ardteistiméireachta (PLC) agus is minic is conair bhuntáisteach iad do mhic léinn na hÚcráine. Cuireann na cúrsaí sin foghlaim phraiticiúil scilbhunaithe ar fáil agus is féidir leo tacú le dul chun cinn go fostaíocht, printíseachtaí nó ardoideachas.

Is féidir le treoirchomhairleoirí tacú le scoláirí chun roghanna PLC a n-ailínítear lena suimeanna agus láidreachtaí a fhiosrú, agus is féidir leo eolas a chur ar fáil maidir le tacaíochtaí sparánachta a bhaineann le hábhar san am. Is féidir le scoláirí atá incháilithe teacht ar thacaíochtaí airgeadais ag brath ar a gcúinsí, lena n-áirítear sparánachtaí d'iontrálaithe nua agus mic léinn atá ag déanamh dul chun cinn i gcláir PLC.



## SOLÁTHAR REATHA: AG TACÚ LE ROCHTAIN AR BREISOIDEACHAS (PLC) 2025 -26

Scoláirí na hÚcráine atá faoi Chosaint Shealadach, ta rochtain acu ar thacaíochtaí airgeadais chun bheith rannpháirteach i gcúrsaí iar-ardteistiméireachta 2025/2026.

**Tacaíonn an Sparántacht PLC do Daoine Easáitithe (Úcráin) le mic léinn incháilithe:**

- Atá faoi Chosaint Shealadach faoi alt 60 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta
- Atá i mbun clárú le haghaidh cúrsa PLC faofa lánaimseartha nó a léiríonn dul chun cinn laistigh de cheann acu
- Nach bhfuair maoiniú roimhe sin le haghaidh cúrsa ag an leibhéal cáilíochta céanna
- Atá i mbun staidéir trí Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO)

**Tacaíocht Mhalairte::**

Mic Léinn atá faoi Chosaint Shealadach le níos mó ná trí bliana, is féidir leo iarratas a chur isteach ar thacaíochtaí cothabhála trí SUSI.

## CAD IAD NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ AR FÁIL?

Mic Léinn atá ag Dul ar Aghaidh go Bliain 2

- Incháilithe le haghaidh sparánacht de luach €6,115

Mic Leinn PLC Nua

Tá an maoiniú bunaithe ar fhad ón ionad oideachais:

- €6,115 – Mic léinn atá ina gcónaí 30 km nó níos mó óna gcoláiste
- €2,575 – Mic léinn atá ina gcónaí 30 km nó níos lu óna gcoláiste

Maidir le mic léinn a dtagann athrú ar a socruithe maireachtála le linn na bliana acadúla, is féidir leo iarratas a chur isteach chun go ndéanfaí athbhreithniú ar a sparánacht.

## Coinníollacha Cáilitheachta Tábhachtacha

- Tacaíonn maoiniú le mic léinn de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn ina n-aistear oiliúna agus oideachais
- ·Mic léinn a chláraigh i gcúrsa PLC roimhe seo agus ar éirigh as, d'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh is gá dóibh tréimhse staidéir chomhionann a chur i gcrích sular mbeidh siad incháilithe arís.
- Bíodh mic léinn cláraithe i gcúrsa PLC faofa.

*Cliceáil le haghaidh eolas mion ó DFHERIS*

## Fad na Scéime

Baineann tacaíochtaí leis an aon bhliain acadúil amháin, mar atá 2025/2026

Táthar ag súil go mbeidh Cosaint Shealadach i bhfeidhm go Márta 2026

B'fhéidir go n-athródh tacaíochtaí i ndiaidh an dáta sin

# COMHDHÁIL IGC 2026 (INSTITIÚID NA DTREOIRCHOMHAIRLEOIRÍ) - *COTHÚ GO BLATHÚ* FÁS A CHOTHÚ LE TREOIRCHOMHAIRLIÚ

Is chúis mhór áthais d'Fhoireann Treorach Oide a bheith ag cur leis an gcomhdháil IGC i mbliana ó 6–7 Márta in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus an deis a bheith againn oibriú le comhghleacaithe ó cheann ceann na tíre.

## Ceardlann Treorach ar Pholasaí agus Cleachtas: Cigire Treorach, Ionad Treorach agus Treoir Oide.

Beidh an cheardlann sin á comhéascú ag baill den fhoireann Treorach sa Roinn Oideachais agus Óige agus baill den fhoireann Treorach Oide. I gcur i láthair gearr, tarraingeofar aird ar na pointí is tábhachtaí ó thaobh forbairtí beartais de; ó thaobh pleanáil treorach agus cleachtas scoile uile de; agus maidir leis na buntáistí a bhaineann le bheith rannpháirteach sa Clár Tacaíochta Gairmiúla um Threoirchomhairleoirí in Iar-bunscoileanna, Suíomhanna PLC & CFE (Maoirseacht ar Treoirchomhairleoireacht) agus deiseanna foghlama gairmiúla ar mhaithe le treoirchomhairleoirí.

Cuimseofar san ábhar pointí ar ról an treoirchomhairleora a bhíonn ag athrú, go háirithe a gcomhoibriú le baill eile den phearsanra scoile, agus pointí ar fhorbairtí clár nua/ athfhorbairtí i scoileanna.

Beidh plé athmhachnamhach idirghníomhach ar siúl, i ndiaidh an chur i láthair, ar cheist ar bith a bhaineann le treoir scoile uile agus treoirchomhairliú inár scoileanna iar-bhunscoile comhaimseartha.

## EFG Treorach Oide ar Tacú le Pleanáil le haghaidh Threoir na Sraithe Sóisearaí

Tá áthas ar Fhoireann Treorach Oide ceardlann a chur i láthair ar mhaithe le comhairleoirí dár teideal *Tacú leis an bPleanáil le haghaidh Threoir na Sraithe Sóisearaí*. Sa cheardlann, déanfar naisc idir beartas na Roinne Oideachais agus Óige agus taighde reatha ar oideachas agus pleanáil scoláire-lárnach, rud a thacóidh le treoirchomhairleoirí chun a mbealach a dhéanamh trí Threoir na Sraithe Sóisearaí.

Pléifidh agus comhoibreoidh rannpháirtithe ar an tslí ar féidir riachtanais scoláirí a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh, agus bainfidh úsáid as na léargais sin chun a gclár Treorach sa tSraithe Shóisearach a cheapadh ina gcomhthéacsanna scoile

Thar aon rud eile, tá súil againn go bhfágfaidh rannpháirtithe leis an gcumas cuspóir Threoir na Sraithe Sóisearaí a chur in iúl le muinín mhéadaithe, le naisc le comhghleacaithe atá neartaithe, agus le smaointe praiticiúla a fhéadfaidh tacú le pleanáil treorach scoile uile ina gcomhthéacsanna féin.

Tá clárúchán le haghaidh ceardlann ar fáil tríd an Tairseach Ballraíochta IGC-
Tairseach Ballraíochta

IGC INSTITUTE OF GUIDANCE COUNSELLORS

Oide

Oide

# Eispéiris Foghlama Gairmiúla (EFGanna) atá le Teacht

## Treoir na Scoile Uile: EFG do Cheannairí Sinsearacha Scoile

Tá seimineár gréasáin maidir le **treoir na scoile uile do cheannairí sinsearacha scoile** á chur i láthair ag **Foireann Treorach *Oide***. Tá an seimineár gréasáin oscailte do gach príomhoide agus leas-phríomhoide i scoileanna iar-bhunscoile.



Sa seimineár gréasáin seo, tugtar deis do na rannpháirtithe chun:

- Tuiscint shoiléir a fháil maidir leis an tábhacht agus an luach atá ar threoir na scoile uile laistigh de phobal na scoile.
- Plé a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil treoir na scoile uile le feiceáil i bpolasaí náisiúnta agus i gcleachtas ceannaireachta.
- Dóigheanna praiticiúla a aithint chun treoir na scoile uile atá inmharthana a phleanáil, a athbhreithniú agus a neartú mar fhreagairt ar riachtanais scoláirí.

## Treoir san Idirbhliain. EFG ar mhaithe le Treoirchomhairleoirí

Tá seimineár gréasáin maidir le Treoir san Idirbhliain á chur i láthair ag Foireann Treorach Oide. Tá an seimineár gréasáin oscailte do gach treoirchomhairleoir, gach foireann treorach na scoile uile agus do gach múinteoir cláraithe.

Sa seimineár gréasáin seo, tugtar deis do na rannpháirtithe chun:

- Fáil amach faoin dóigh a dtacaíonn Ráiteas an Chláir Idirbhliana 2024 le gairmthreoir agus le forbairt iomlánaíoch scoláirí.
- Plé a dhéanamh ar na dóigheanna tarraingteacha praiticiúla chun tacú le fiosrúchán gairmeacha na scoláirí le linn na hIdirbhliana.
- Ceangal a dhéanamh idir na deiseanna saibhre foghlama san Idirbhliain chun pleanáil agus cleachtas maidir le treoir a neartú.

| Teideal | Dáta agus Am | Ionad |
|---|---|---|
| **Treoir na Scoile Uile: EFG do Cheannairí Sinsearacha Scoile.** | • **Wednesday, 22nd April, 2026, 11.15am-12:30pm (English).**<br>• **An Aoine, 24 Aibreán, 2026, 11:15r.n-12:30i.n (Gaeilge).** | **Ar líne trí Zoom** |
| **Treoir san Idirbhliain. EFG ar mhaithe le Treoirchomhairleoirí** | • **Tuesday, 28th April, 2026, 2.15pm-3:30pm (English).**<br>• **An Mháirt, 5 Bealtaine, 2026, 11:15r.n-12:30i.n (Gaeilge).** | **Ar líne trí Zoom** |

Déan an Cód MF a scanadh nó cliceáil ar an nasc 'Cur in áirithe.' Nuair a dhéanann tú rochtain ar an gcóras áirithinte, déan do chuardach a scagadh trí 'Treoir' a roghnú chun na roghanna áirithinte a aimsiú go furasta.

Iarratais/Cuir in áirithe

De rogha air sin, is féidir leat áirithint a dhéanamh ar líne ag: https://oide.ie/ga/muinteoiri/



# CLEACHTAS TREORACH ATÁ IONCHUIMSITEACH A COTHÚ

Is feidir **Tacaíocht Scoile** le haghaidh treorach a iarraidh trí do Phríomhoide a d'fhéadfadh cuairt ar do scoil a chuimsiú, agus/nó tacaíocht leanúnach.
Tá stór acmhainní agus tacaíochtaí atá de shíor ag méadú ar ár **suíomh gréasáin Treorach Oide**.
Bí inár leanúint ar X ag ***Oide_Guidance.***

Cleachtas a bhíonn de shíor ag athrú is ea treoir scoile uile. Neartaítear trí chomhthuiscint é, trí chleachtas athmhachnamhach, agus tiomantas seasmhach don chothromas agus don ionchuimsitheacht thar an bpobal scoile.

Mar a tharraing an t-eagrán seo aird air, cuirtear le treoir ionchuimsitheach as breithiúnas gairmiúil laethúil, éisteacht cháiréiseach, agus as caidrimh a thacaíonn le scoláirí chun féachaint orthu féin agus ar a dtodchaí le muinín. Teastaíonn am le haghaidh na hoibre sin, teastaíonn saothar móthúcháin agus fíorchúram gairmiúil, agus, más ea, spreagaimid treoirchomhairleoirí chun sos a ghlacacadh, athmhachnamh a dhéanamh, agus freastal ar a gcuid folláine féin, lena aithint go mbraitheann cleachtas treorach atá ar ardchaighdeáin ar fholláine dóibh siúd a chuireann ar fáil é.

Tá súil againn go raibh léargais phraiticiúla le fáil san eagrán seo, gur chuir sé daoine ar a suaimhneas, agus gur thug fuinneamh athmhúscailte chun tacú le cleachtas treorach atá ionchuimsitheach i do chomthéacs scoile. Táimid ag súil le leanúint den oibriú in bhur dteannta sna míosa romhainn.

Foireann Treorach Oide,
*Joanne, Ginéad and Niamh*

Oide Guidance Newsletter

